# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/618 ÓN gCOIMISIÚN

## an 12 Aibreán 2022

## lena gceartaítear an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1)(b)(ii) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 54(4), an chéad fhomhír, pointe (b), agus Airteagal 90 pointe (a), pointe (c) agus pointe (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún ([3]), tá earráid in Airteagal 1(2), an chéad fhomhír, an abairt tosaigh, rud a athraíonn an raon feidhme.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1533 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforchuirtear coinníollacha speisialta lena rialaítear allmhairiú beatha agus bia de thionscnamh na Seapáine nó a sheoltar ón tSeapáin ó bhí an timpiste i stáisiún cumhachta núicléiche Fukushima ann agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/6 (IO L 330, 20.9.2021, lch. 72).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN